



An Bhruiséil, 5 Aibreán 2024  
(OR. en)

8591/24

ENER 168  
ENV 393  
COMPET 400  
TRANS 191  
CONSOM 145  
IND 202  
ECOFIN 411

## NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Márta 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 136 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tuarascáil ar phraghsanna agus costais fuinnimh san Eoraip

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 136 final.

Faoi iamh: COM(2024) 136 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2024  
COM(2024) 136 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN  
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA  
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar phraghsanna agus costais fuinnimh san Eoraip**

## 1. RÉAMHRÁ

Ó bhí 2020 ann, tá géarchéim thromchúiseach i margaí fuinnimh na hEorpa agus an domhain. Tharla sé sin mar gheall ar an iliomad tosca, ag tosú le cúlú eacnamaíochta mar gheall ar COVID agus téarnamh eacnamaíoch domhanda láidir iar-COVID, dálaí aimsire mífhabhracha le haghaidh gineadóirí fuinnimh in- athnuaithe, agus bristeacha ag flít cumhachta núicléiche na Fraince ina dhiaidh sin in 2021. I ndiaidh ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, bhí gné nua ag baint leis an ngéarchéim, inchomparáide leis na géarchéimeanna ola sna 1970idí, le briseadh gan fasach ar sholáthar ghás nádúrtha na hEorpa, rud a chuir le praghsanna gáis agus leictreachais níos airde ná riamh.

Chuaigh an tAontas i ngleic leis an ngéarchéim sin le haontacht, díograis agus dlúthpháirtíocht. Le hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) méadaithe, laghdaíodh tionchar na Rúise ar sholáthairtí gáis na hEorpa. Le bearta éigeandála comhpháirteacha sciobtha ón Aontas, chuathas i ngleic leis an ngá le gás a shábháil, saoráidí stórála gáis a líonadh, gás a cheannach i gcomhpháirt, rialacha dlúthpháirtíochta maidir le héigeandálaí gáis a neartú, praghsanna leictreachais agus gáis a íslíú agus tionchar na bpraghsanna arda ar thomhaltóirí a mhaolú. Bhí praghsanna gáis fós an-ard go dtí deireadh 2022, ar laghdaíodh de réir a chéile iad ina dhiaidh sin go leibhéil níos soláimhsithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí rialála, éileamh laghdaithe agus feabhsuithe ar phrionsabail bhunúsacha eile an mhargaidh.

Mar sin féin, an cás le haghaidh aistriú go córas fuinnimh Eorpach dícharbónaithe, córas nach mbeidh ag brath an oiread sin ar allmhairí fuinnimh, ní raibh sé níos láidre nó níos soiléire riamh. Le haistriú fuinnimh rathúil, lena ndéanfaí táirgeadh fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh in- athnuaithe a mhéadú, ní hamháin go ndéanfaí astaíochtaí carbóin a laghdú, ach chomh maith leis sin dhéanfaí teaghlaigh agus gnólachtaí Eorpacha a chosaint ar luaineacht praghsanna, dhéanfaí an méid a bhíimid ag brath ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costasacha a laghdú agus dhéanfaí uathriaíl straitéiseach na hEorpa a neartú. Ba cheart fuinneamh a bheith inacmhainne le haghaidh teaghlach agus gnólachtaí i gcónaí, le coinníollacha rialála lena bhféadfaí infheistíochtaí a dhéanamh sna teicneolaíochtaí is gá le haghaidh tuilleadh dícharbónaithe.

Is é is aidhm don tuarascáil seo faisnéis chuimsitheach a sholáthar chun tuiscint a thabhairt ar fhorbairt na bpraghsanna agus na gcostas fuinnimh san Aontas ó 2010 go 2022 agus, i gcás ina bhfuil sonraí ar fáil, suas le lár 2023<sup>1</sup>. Déantar anailís inti ar **threochtaí praghsanna fuinnimh** le haghaidh leictreachais, gás nádúrtha agus táirgí peitriam, ag déanamh mionscrúdú ar na **tionscnóirí margaidh agus rialála** a bhaineann leo agus ag tabhairt comparáidí idirnáisiúnta. Déantar measúnú inti freisin ar thábhacht agus tionchar na gcostas fuinnimh ar ghnólachtaí agus teaghlaigh Eorpacha. Déantar anailís inti ar fhorbairt **bhille allmhairiúcháin fuinnimh an Aontais**, na scaireanna costais fuinnimh le haghaidh earnálacha tionsclaíochta roghnaithe agus tionchar an **chaiteachais fuinnimh ar bhuiséid teaghlach**. Breathnaítear inti freisin ar thábhacht **na gcánacha fuinnimh** mar fhoinse ioncaim rialtais.

Mar a bhí in eagráin roimhe seo<sup>2</sup>, braitheann an tuarascáil ar shonraí agus anailísí ó staidéar

---

<sup>1</sup> Ag brath ar infhaighteacht, tugadh roinnt tagarmharcanna cothrom le dáta ó mhí Mheán Fómhair 2023 chun na sonraí is déanaí atá ar fáil a léiriú

<sup>2</sup> COM(2016)769 final, COM(2019)1 final agus COM(2020)951 final

mionsonraithe<sup>3</sup> agus ar shaothar an Choimisiúin Eorpaigh féin. Bhí foinsí staidrimh poiblí faoi phribhléid sa tuarascáil, arna gcomhlánú le sraith bailithe sonraí sonracha. I ndiaidh Brexit, díríonn an tuarascáil ar AE27.

## 2. TREOCHTAÍ I BPRAGHSANNA FUINNIMH

### 2.1. Praghsanna leictreachais

Ó 2015 go 2019, bhí **praghsanna leictreachais mórdhíola** na hEorpa ag athrú idir 40 agus 60 EUR/MWh. Bhí **spotphraghsanna** réasúnta cobhsaí go dtí deireadh 2018, agus tháinig laghdú orthu ansin in 2019 mar gheall ar éileamh lag, costais bhreosla níos ísle, agus giniúint fuinnimh in-athnuaite mhéadaithe. In 2020 chuir COVID-19 le laghdú nach beag breise ar an éileamh ar leictreachas, a chuir go mór, in éineacht le giniúint fuinnimh in-athnuaite ag méadú, le leibhéal thar a bheith íseal i bpraghsanna mórdhíola (17 EUR/MWh i mí na Bealtaine 2020), lena n-áirítear tréimhsí atá ag éirí níos minice ina mbíonn praghsanna diúltacha le linn an lae.


Le téarnamh eacnamaíoch an Aontais tar éis COVID ag tosú in 2021, le cur isteach na Rúise leis an soláthar gáis chuig an Aontas agus, ar deireadh, le hionradh na Rúise ar an Úcráin, cuireadh isteach go forleathan ar mhargaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha. Bhí tionchar aige sin ar phraghsanna leictreachais mórdhíola san Aontas freisin, ós rud é gur chuir praghsanna gáis níos airde (féach Caibidil 2.2 maidir le gás) le méadú ar phraghsanna leictreachais idir 150 agus 270 EUR/MWh (Fíor 1). San Eoraip, is minic gurb iad stáisiúin chumhachta ghásadhainte an teicneolaíocht imeallach lena socraítear na praghsanna leictreachais mórdhíola. Leis na roghanna teoranta chun foinsí giniúna cumhachta níos saoire a chur in ionad na giniúna leictreachais gásadhainte, in éineacht le leibhéal ísle hidreachumhachta agus giniúna fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le bristeacha núicléacha, bhí praghsanna leictreachais níos airde ná mar a bhí riamh le linn 2022 (ag baint 400 EUR/MWh amach i mí Lúnasa 2022).

Mar sin féin, ó dheireadh 2022, le treocht ghinearálta na bpraghsanna gáis atá ag titim, éileamh laghdaithe, giniúint fuinnimh núicléach agus in-athnuaite níos airde agus athshlánú hidreastoc, cuireadh le brabús de phraghsanna atá measartha níos ísle (sa raon idir 70 agus 120 le linn na chéad leithe de 2023).

---


<sup>3</sup> Foilseofar an staidéar trí Oifig na bhFoilseachán.

**Fíor 1: Éabhlóid meánphraghsanna leictreachais bonnuaigh lá roimh ré mórdhíola míosúla san Eoraip (EUR/MWh, scála clé) agus raon na bpraghsanna íosta agus uasta ar fud phríomh- mhargaí an Aontais (% , scála deas)**



Foinse: Trinomics et al. (2023), bunaithe ar shonraí ó S&P Platts, ENTSO - E

Sna 10 mbliana roimh an ngéarchéim fuinnimh, bhí praghsanna leictreachais mórdhíola na hEorpa ní b'ísle ná nó inchomparáide leis an tSeapáin agus an tSín (Fíor 2) agus bhí siad níos airde go stairiúil (suas le 40 %) ná praghsanna na Stát Aontaithe an chuid is mó den am. Chuir an ghéarchéim fuinnimh agus cogadh na Rúise san Úcráin le cóineasú praghsanna idir an Eoraip agus an Áise. Bhí praghsanna sna Stáit Aontaithe, a bhuí le táirgeadh gáis intíre flúirseach, fós íseal go comparáideach agus tháinig praghsanna leictreachais mórdhíola Eorpacha chun bheith 2-5 oiread ní b'airde ná praghsanna na Stát Aontaithe. Chonacthas méaduithe comhchosúla ar phraghsanna leictreachais mórdhíola sa Ríocht Aontaithe agus sa tSeapáin. D'fhéadfaí a léiriú le praghsanna leictreachais na Síne fóirdheontais mhórsála a bheith ann roimh 2020 (gan aon sonraí céatadán a bheith ar fáil a thuilleadh).




**Fíor 2: Comparáid de mheánphraghsanna leictreachais mórdhíola míosúla lá roimh ré san Aontas, sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, sa tSeapáin, agus sa tSín (EUR<sub>2021</sub>/MWh<sup>4</sup>)**

Foinse: Trinomics et al. (2023), bunaithe ar shonraí ó S&P Platts, ENTSO-E, JEPX, EIA, CEIC

I ndiaidh tréimhse níos faide de chobhsaíocht choibhneasta (2010 – 2019), thosaigh **praghsanna leictreachais miondíola** ag ardú go mór in 2021 mar fhreagairt ar phraghsanna mórdhíola a bhí ag ardú (Fíor 3). Is iondúil go mbíonn praghsanna miondíola níos airde ná praghsanna mórdhíola, ach ó bhí deireadh 2021 ann tá siad níos ísle ná praghsanna an mhargaidh mórdhíola ag na harduithe tobanna ar phraghsanna le linn na géarchéime (e.g. díreach i ndiaidh an ionraidh ar an Úcráin agus le linn shamhradh 2022).

**Fíor 3: Comhdhéanamh na meánphraghsanna leictreachais miondíola teaghlaigh ualaithe le haghaidh AE27 (EUR/MWh)**



Foinse: Trinomics et al. (2023) bunaithe ar shonraí ó Eurostat, VaasaETT

<sup>4</sup> Athraíodh gach praghas go euro 2021.

Tharla sé sin toisc go raibh an méadú ar phraghsanna mórdhíola tapa agus suntasach, rud a léirigh an gá le cothromaíocht a aimsiú idir soláthar agus éileamh. Ar an taobh eile, leis an bpraghas idirmheánach go praghsanna miondíola, léiríodh staid mhargadh na miondíoltóirí agus laghdáíodh lena straitéisí soláthair é (e.g. conarthaí fadtéarmacha agus fálú praghsanna eile), struchtúr na gconarthaí sna Ballstáit (conarthaí praghsanna dinimiciúla vs conarthaí praghsanna seasta), leibhéal na hiomaíochta miondíola, agus le hidirghabhálacha poiblí<sup>5</sup>. Thosaigh meánphraghsanna leictreachais miondíola an Aontais ag méadú thart ar 6 mhí níos déanaí ná praghsanna mórdhíola ag deireadh 2021. Bhain siad a leibhéal ab airde amach i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus laghdáíodh iad in 2023 mar gheall ar phraghsanna mórdhíola a bhí ag titim.

Maidir le comhpháirteanna na bpraghsanna leictreachais (costais fuinnimh, muirir líonra, agus cánacha agus tobhaigh), ba iad méaduithe ar chomhpháirt na gcostas fuinnimh (na praghsanna mórdhíola den chuid is mó ach corrlaigh bhrabúis arna ngearradh ag na soláthróirí fuinnimh freisin) agus cáin bhreisluacha (CBL) go pointe i bhfad níos ísle a spreag na harduithe ar an bpraghas leictreachais miondíola in 2021-2022. Bhí na muirir líonra fós seasmhach, agus an tráth céanna tháinig laghdú beag ar chánacha fuinnimh le linn na tréimhse céanna, rud a léiríonn freagairt beartais shealadach ar an ngéarchéim.


I dtéarmaí coinchréiteacha, tháinig méadú 9 % (+ 19 EUR/MWh) ar mheánphraghas leictreachais miondíola AE27 go 235 EUR/MWh idir 2020 agus 2021. Sa chéad leath de 2022, tháinig ardú tobann ar phraghsanna go 310 EUR/MWh (+ 32 %), agus sa dara leath de 2022, go 371 EUR/MWh (+ 20 %). Sa chéad leath de 2023, i ndiaidh an laghdaithe ar mhargaí mórdhíola, laghdáíodh na praghsanna miondíola siar go 310 EUR/MWh (-16 %). Bhain praghsanna leictreachais miondíola buaic os cionn 500 EUR/MWh amach san Ostair, sa Bheilg, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Iodáil agus san Ísiltír.

Bíonn comhdhéanamh agus leibhéal na bpraghsanna teaghlaigh miondíola an-éagsúil ó Bhallstát go chéile (Fíor 4). Bhí praghsanna leictreachais miondíola le haghaidh teaghlach idir 637 EUR/MWh (an Iodáil) agus 92 EUR/MWh (an Ungáir) i mí Eanáir 2023, agus is léir go raibh an chuid is mó den difríocht inchurtha i leith na comhpháirte fuinnimh (barra gorm i bhFíor 4). Le lacáistí ar chánacha fuinnimh sa Liotuáin, i Lucsamburg agus san Ísiltír agus ar mhuirir líonra sa Phortaingéil, tháinig laghdú, ar laghdú nach beag é i roinnt cásanna, ar an bpraghas miondíola iarbhír arna íoc ag tomhaltóirí sna tíortha sin. Laghdaigh an Bhulgáir, an Ungáir, Éire agus an Laitvia na cánacha agus tobhaigh fuinnimh ar leictreachas go 0 EUR/MWh mar chuid dá mbearta náisiúnta chun dul i ngleic le géarchéim na bpraghsanna fuinnimh.

---

<sup>5</sup> Cf. Tuarascáil 2023 maidir le Fóirdheontais Fuinnimh san Aontas (COM(2023) 651, an 24 Deireadh Fómhair 2023)


Fíor 4: Praghsanna leictreachais teaghlaigh, mí Eanáir 2023 (EUR/MWh, an banda tomhaltais is ionadaíche<sup>6</sup>)



Foinse: Trinomics et al. (2023) bunaithe ar shonraí ó Eurostat, VaasaETT

Fíor 5 léirítear thíos forbairt na bpraghsanna leictreachais tionsclaíochta miondíola san Aontas, sna Stáit Aontaithe, sa tSeapáin agus i dtíortha eile idir 2008 agus 2022. Tá meánphraghsanna leictreachais miondíola tionsclaíochta sa tSeapáin agus in AE27 ar leibhéal ard comhchosúil, agus an tráth céanna tá praghsanna sna Stáit Aontaithe i bhfad níos ísle ná mar atá san Aontas (thart ar 2 go 3 oiread níos ísle). Is soiléir an méadú a tháinig ar mheánphraghsanna an Aontais agus na Seapáine ó bhí 2020 ann. In 2022, thosaigh praghsanna sna Stáit Aontaithe ag dul in airde freisin, cé go bhfuil siad fós i bhfad níos ísle ná leibhéal an Aontais. I dtéarmaí céatadáin, idir mí Eanáir 2021 agus mí an Mheithimh 2022, méadaíodh meánphraghsanna an Aontais (+ 231 %) agus praghsanna na Stát Aontaithe (+ 225 %) ar luas measartha comhchosúil.

Fíor 5: Praghsanna leictreachais miondíola tionsclaíochta in AE27, sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, sa tSín agus sa tSeapáin (EUR<sub>2021</sub>/MWh<sup>4</sup>)



Foinse: Trinomics et al. (2023), S&P Platts, Eurostat, DoE na Stáit Aontaithe, Enerdata (NBS, E-Stats, BEIS, KESIS), IEA.


<sup>6</sup> Sainmhínítear an banda is ionadaíche mar an banda ag a bhfuil an sciar is airde i dtomhaltas iomlán in aon Bhallstát ar leith. Cé go n-úsáidtear an banda DC mar an príomhphointe tagartha le haghaidh anailís chomparáideach, d'fhéadfáí gurbh é banda eile an banda ab ionadaíche i mBallstáit áirithe.

## 2.2. Praghsanna gáis

Go stairiúil, bhí **praghsanna gáis mórdhíola** na hEorpa ag athrú idir 5 agus 30 EUR/MWh le linn na tréimhse ó 2015 go 2020. Tháinig laghdúithe níos mó ná riamh ar phraghsanna le linn 2019 agus 2020 (faoi bhun 5 EUR/MWh i mBealtaine-Iúil 2020), nuair a laghdaíodh an t-éileamh ar ghás mar gheall ar gheimhreadh measartha séimh agus dianghlásálacha COVID. Le héileamh méadaitheach ar ghás le linn thréimhse an téarnaimh iar-COVID, thosaigh praghsanna gáis ag éirí níos b'airde ó lár 2021. Faoi mhí na Nollag 2021, le héileamh méadaithe ar ghás na hEorpa agus na hÁise, in éineacht le honnmhairí gáis laghdaithe ón Rúis agus saoráidí stórála Eorpacha faoi úinéireacht Gazprom a bhí beagnach folamh<sup>7</sup>, d'éirigh margai gáis Eorpacha ní ba chúinge agus méadaíodh praghsanna mórdhíola go 113 EUR/MWh; níos mó ná 3,5 oiread os cionn an raoin stairiúil (Fíor 6).

Ansin, i mí an Mhárta 2022, le hionradh na Rúise ar an Úcráin, bhain praghsanna gáis buaic nua 127 EUR/MWh amach. D'éirigh an margadh gáis fíor-mhíshocair mar gheall ar rioscaí geopholaitiúla agus cur isteach ar sholáthairtí gáis na Rúise go dtí an Eoraip. Le tonnta teasa samhraidh, ganntanas uisce, giniúint íseal leictreachais in-athnuaithe agus núicléach agus athlíonadh saoráidí stórála, tháinig méadú ar an éileamh ar ghás. An tráth céanna, bhí laghdú tagtha ar sholáthairtí gáis go dtí an Eoraip ón Rúis agus bhí éiginnteacht ann maidir le soláthairtí GNL méadaithe a bheith ar fáil<sup>8</sup>. Mar gheall air sin, tháinig ardú gan fasach ar phraghsanna gáis mí roimh ré go 320 EUR/MWh faoi dheireadh mhí Lúnasa 2022, d'ainneoin méadú láidir ar allmhairí GNL.

Fíor 6: Praghsanna gáis mórdhíola roghnaithe san Eoraip, praghsanna ainmniúla (EUR/MWh)



Foinse: Trinomics et al. (2023), bunaithe ar shonraí ó S&P Platts, EnergyMarketPrice, BAFA, Eurostat Comext

Ó bhí mí Aibreáin 2022 ann, tá éagsúlachtaí suntasacha le feiceáil i spotphraghsanna idir moil gháis náisiúnta san Eoraip, ar treocht é sin nach bhfacthas le linn na 10 mbliana roimhe sin. Tá praghsanna gáis i bhfad níos ísle i moil atá nasctha go díreach le hacmhainneacht


<sup>7</sup> Níor athlín Gazprom na saoráidí stórála gáis ar lena fhochuideachtaí san Eoraip iad, agus níor chuir sé spot-sheachadtaí gáis ar fáil chun dul i ngleic leis an méadú ar éileamh ar mhargai gáis domhanda agus Eorpacha, agus seans gur chuir an méid sin le cúngú na margai gáis. Níor athlínadh saoráidí stórála gáis eile ina n-iomláine mar gheall ar phraghsanna arda gáis le linn an tsamhraidh.

<sup>8</sup> An 8 Meitheamh 2022, chuir tine ag gléasra leachtaithe GNL in Freeport, na Stáit Aontaithe, le dúnadh na saoráide agus laghdaíodh acmhainneacht onnmhairiúcháin GNL na Stáit Aontaithe faoi thart ar 20 bcm in aghaidh na bliana. I gcomhráth leis sin, bhí scrogaill bhonneagair in Iarthuaisceart na hEorpa (acmhainneacht theoranta maidir le hathghású GNL agus píblíne thrasteorann) ag cur cosc ar sholáthar méadaithe GNL chun príomh-mhargai san Aontas a bhaint amach.

allmhairiúcháin GNL (e.g. sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Spáinn) ná mar atá sna Ballstáit sin nach bhfuil rochtain dhíreach ar chríochfoirt GNL acu (an Ghearmáin, rud a bhí an- suntasach an tráth sin).

Chun rud a chur in ionad ghás na Rúise, d’fhéach an Eoraip ar ghás nádúrtha leachtaithe (GNL), arna allmhairiú ó na Stáit Aontaithe go háirithe (Fíor 7), arna gcur leis le hallmhairí píblíne méadaithe ón Iorua, ón Ríocht Aontaithe agus ón Asarbaiseáin.

**Fíor 7: Allmhairí gáis nádúrtha seachtainiúla chuig an Aontas (2020 – Iúil 2023, píblíne agus GNL)**




Foinse: Trinomics et al. (2023), bunaithe ar shonraí ó ENTSO-G, Brueghel

Tháinig méadú ar allmhairí GNL ó leibhéal an- íseal le linn COVID agus bhain siad leibhéal níos airde ná riamh amach in 2022, 73 % níos airde ná mar a bhí in 2021. Tháinig méadú ar an sciar GNL in allmhairí gáis an Aontais ó sciar faoi bhun 20 % in 2021 go níos mó ná 40 % i mí Mheán Fómhair 2023. Leis an méid sin, in éineacht le hiarrachtaí an Aontais laghdú ar éileamh agus le tomhaltas gáis ní b’íslle na hÁise, cuireadh ar a cumas don Eoraip saoráidí stórála gáis a athlíonadh roimh gheimhreadh 2022/2023 agus na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán maidir le Stóráil Gáis a bhaint amach<sup>9</sup>.

Bhí praghsanna gáis ar mhargaí mórdhíola na hEorpa i gcónaí ní b’airde ná na praghsanna sna tíortha is mó a dhéanann gás a onnmhairiú (Ceanada, an Iorua, an Rúis agus na Stáit Aontaithe), agus incomparáide leis na praghsanna i ngeilleagair G20 eile. Bhí tionchar mór ag an méadú as cuimse a tháinig ar phraghsanna gáis san Eoraip agus i dtíortha eile a allmhairíonn gás araon (Fíor 8), cé nár tháinig athrú chomh mór céanna ar phraghsanna i dtíortha a tháirgeann gás.

<sup>9</sup> [EUR-Lex - 02022R1032-20220630 - GA - EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2022/1032/oj)


**Fíor 8: Praghsanna gáis mórdhíola lá roimh ré san Aontas (meán ualaithe), sa tSín, sa tSeapáin, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe (EUR<sub>2021</sub>/MWh<sup>4</sup>)**



Foinse: Trinomics et al., bunaithe ar shonraí ó S&P Platts

Is iad praghsanna gáis mórdhíola a spreagann **praghsanna gáis miondíola** den chuid is mó, ach léiríodh athruithe le linn 2021 agus 2022 ar bhealaí éagsúla (i méid agus luas an phraghais idirmheánaigh) ó Bhallstát go chéile (Fíor 9). Tharla sé sin mar gheall ar dhifríochtaí i gcineál agus uailmhian na mbeart maolaithe géarchéime náisiúnta, ach mar gheall ar struchtúir éagsúla ó thaobh fad conarthaí sna Ballstáit agus straitéisí soláthair gáis éagsúla na miondíoltóirí (conarthaí fadtéarmacha, fálú praghsanna) freisin.

**Fíor 9: Meánphraghsanna gáis teaghlaigh an Aontais i mí Eanáir 2023 (EUR/MWh)**



Foinse: Trinomics et al. (2023) bunaithe ar shonraí ó VaasaETT


Tháinig méadú ar mheánphraghsanna gáis miondíola teaghlaigh an Aontais ó 68 EUR/MWh in 2021 go 143 EUR/MWh faoi mhí Eanáir 2023. Taobh thiar de mheánphraghas an Aontais, bhí difríochtaí nach beag idir na Ballstáit - tháinig méadú ar an gcóimheas idir an praghas ab airde agus an praghas ab ísle ó 3,5 in 2021 go níos mó ná 10 faoi 2023.

Mar gheall ar an ngéarchéim, tháinig athrú nach beag ar scaireanna coibhneasta na gcostas fuinnimh, na muirear agus na gcánacha agus na dtobhach líonraí i bpraghsanna gáis teaghlaigh. Ba é comhpháirt na gcostas fuinnimh (praghas mórdhíola móide corrlach brabúis) ná 44 % den phraghas miondíola in 2021, ach bhain sé 66 % amach in 2023. Tháinig laghdú ar sciar na comhpháirte muirear líonra ó 23 % (2021) go 16 % (2023). Tháinig méadú ar sciar na gcánacha,

na dtobhach agus CBL ó 28 % in 2010 go 34 % in 2021, ach tháinig laghdú nach beag air ina dhiaidh sin go 18 % in 2023 mar gheall ar idirghabhálacha rialtais i bpraghsanna miondíola.

Tá praghsanna gáis tionsclaíochta miondíola san Aontas i bhfad níos airde ná mar atá sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile a tháirgeann gás, cé gur tháinig méadú orthusan freisin in 2021 agus 2022. Tá praghsanna sa Ríocht Aontaithe agus meán an Aontais an- chosúil le chéile cé go raibh siad difriúil le chéile go pointe in 2022 ós rud é go bhfuil rochtain níos éasca ag an Ríocht Aontaithe ar GNL chomh maith le táirgeadh gáis intíre. Bhí praghsanna gáis sa tSín agus sa tSeapáin ní b'airde san am atá caite, mar gheall ar phraghsanna mórdhíola ní b'airde na dtíortha sin agus iad a bheith ag brath ar sheachadtaí GNL.

Fíor 10: Praghsanna gáis tionsclaíochta miondíola san Aontas agus i dtíortha roghnaithe (EUR<sub>2021</sub>/MWh<sup>4</sup>)




Foinse: Trinomics et al. (2023), bunaithe ar shonraí ó Eurostat, DoE na Stát Aontaithe, Enerdata (BEIS, NBS)

### 2.3. Ola agus gual

Le blianta beaga anuas, chonacthas tréimhsí nua de luaineacht i **bpraghsanna amhola**, a laghdaíodh go níos lú ná 20 USD/bairille (Brent dátaíthe) i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar éileamh i bhfad níos laghdaithe agus soláthar iomarcach le linn na gcéad mhíonna de na dianghlásálacha COVID. Thosaigh praghsanna amhola ag ardú i gcomhthráth leis an téarnamh eacnamaíoch agus maolú shrianta taistil COVID, a bhain buaic amach ag 130 USD/bairille i mí an Mhárta 2022. Ón uair sin, laghdaíodh praghsanna faoi bhun 80 USD/bairille, d'ainneoin gearrthacha táirgthe OPEC+ agus teannas geopholaitiúil agus coinbhleachtaí sa Neasoirthear agus sa Mheánoirthear, mar gheall ar tháirgeadh méadaithe sna Stáit Aontaithe agus tomhaltas measartha íseal san Áise den chuid is mó (Fíor 11).

Fíor 11: Meánphraghsanna míosúla amhola agus guail theirmigh (USD/bbl; EUR/mt)




Foinse: AS an Fhuinnimh ENERScope, bunaithe ar bhunachar sonraí na Faireachlainne Margaidh don Fhuinneamh

Tháinig ardú mór freisin ar phraghsanna **guail** ó bhí mí Mheán Fómhair 2020 ann, ó thart ar EUR 50/tona go dtí níos mó ná EUR 380/tona i mí Iúil 2022, agus an t-ardú sin á thiomáint ag éileamh méadaithe tar éis COVID, ag fadhbanna a bhain le giniúint fuinnimh núicléach agus de bharr go bhfuiltear ag aistriú ó ghás-go-gual i nginiúint leictreachais. Ó shin i leith, chobhsaigh praghsanna guail ag leibhéal níos ísle, agus na praghsanna ag EUR 111/tona ag deireadh leath na bliana in 2023.

Tríd is tríd, lean praghsanna miondíola **táirgí ola** (Fíor 12) an treocht a bhain le praghsanna amhola agus tháinig meath mór orthu tar éis an fhómhair in 2022. Tháinig arduithe ní ba thromchúisí ar phraghsanna díosail agus ola téite i ngeall go príomha ar acmhainneachtaí srianta i scaglanna go domhanda.

Fíor 12: Meánphraghsanna tomhaltóra an Aontais de tháirgí peitriiliam, lena n-áirítear dleachtanna agus cánacha (EUR/lítear)



Foinse: AS an Fhuinnimh ENERScope, bunaithe ar bhunachar sonraí na Faireachlainne Margaidh don Fhuinneamh

Ní dhearna na buntáistí cánach sealadacha agus na cineálacha eile fóirdheontas a soláthraíodh i roinnt Ballstát ach maolú beag ar phraghsanna breosla a bhí ag ardú. Bhí praghsanna miondíola díosail níos b'airde ná riamh i bhformhór na mBallstát i mí an Mhárta 2022, agus ansin laghdaigh siad i ngeall ar bhuntáistí cánach sealadacha agus bearta eile tacaíochta faoi mhí na Nollag 2022. Tar éis do na bearta sealadacha sin dul in éag, tháinig méadú arís ar phraghsanna díosail i bhformhór na mBallstát i mí Mheán Fómhair 2023, ach d'fhan siad fós ní b'íse go ginearálta ná mar a bhí siad ar bhuaic praghsanna na géarchéime.


### 3. TREOCHTAÍ I GCOSTAIS FUINNIMH

#### 3.1. Bille allmhairiúcháin fuinnimh an Aontais

Tháinig laghdú ar bhille allmhairiúcháin fuinnimh an Aontais go EUR 163 bhilliún in 2020 mar gheall ar thionchar COVID (Fíor 13) agus tháinig méadú air arís go EUR 285 bhilliún in 2021. In 2022 bhain sé EUR 604 bhilliún amach (3,8 % de OTI AE27), méid nach bhfacthas riamh roimhe sin. Thiomáin praghsanna ola an méadú in 2021 (allmhairí ola a bhí i 69 % den bhille allmhairiúcháin iomlán), agus in 2022 chuir praghsanna ola agus gáis araon leis an méadú ar bhille allmhairiúcháin an Aontais.

Léirítear leis an titim a tháinig ar an mbille allmhairiúcháin fuinnimh in 2020 go dtí 1 % de OTI agus an méadú géar in 2021 agus 2022 go dtí beagnach 4 % de OTI chomh mór agus atá praghsanna breosla iontaise ag cur isteach ar fhás agus chomh mór agus a chuir bille fuinnimh ní b'ísle le linn na paindéime ar a gcumas do gheilleagair an Aontais cúlú tromchúiseach a sheachaint. D'ainneoin praghsanna níos ísle, d'fhéadfadh an bille fuinnimh le haghaidh 2023 a bheith an- mhór go fóill i dtéarmaí stairiúla – cé go bhfuil sé i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2022 - agus d'fhéadfadh sé fás eacnamaíoch san Eoraip a tharraingt síos leis.

Fíor 13: Bille allmhairiúcháin fuinnimh measta an Aontais 2014-2022 (billiún EUR; % OTI an Aontais)



Foinse: Trinomics, AS an Fhuinnimh, bunaithe ar shonraí ó Eurostat Comext

Is é sin le rá: dá ndéanfaí an t- aistriú fuinnimh íseal-charbóin a bhrostú roimh an ngéarchéim, bheadh níos lú breoslaí iontaise sa mheascán fuinnimh ag an Aontas (69 % in 2021 fós) agus bheadh tionchar na bpraghsanna fuinnimh luaineacha i bhfad ní b'ísle.

#### 3.2. Caiteachas fuinnimh teaghlaigh

Tháinig titim ar an gcaiteachas ar fhuinneamh i dteaghlaigh Eorpacha (arna chinneadh le praghsanna miondíola agus tomhaltas na dteaghlach) le haghaidh gach leibhéal ioncaim idir 2012 agus lár 2021, tráth a aisiompaíodh an treocht de bharr na géarchéime fuinnimh. In 2020<sup>10</sup>, chaith teaghlaigh Eorpacha ar ioncam íseal<sup>11</sup> 7,8 % ar an meán (EUR 953) dá mbuiséad iomlán ar fhuinneamh. Is gnách le teaghlaigh ar mheánioncam níos ísle agus le teaghlaigh ar

<sup>10</sup> Na sonraí is déanaí atá ar fáil ón Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh.


<sup>11</sup> Sa tuarascáil seo, sainmhínítear teaghlaigh atá sa chéad deicil ioncaim mar a bheith ar ioncam íseal; tá teaghlaigh ar mheánioncam íseal sa tríú deicil ioncaim; agus úsáidtear an cúigiú deicil ioncaim mar léiriú ar theaghlaigh ar mheánioncam. Maidir leis na Ballstáit sin nach bhfuil ach sonraí cúigile ar fáil dóibh úsáidtear an chéad, an dara, agus an tríú cúigil ioncaim faoi seach

mheánioncam dearbh- chaiteachas fuinnimh níos airde a bheith acu, ach léiríonn an caiteachas sin sciar níos lú dá mbuiséad teaghlaigh. In 2020, chaith na teaghlaigh sin 7,2 % agus 6,4 % faoi seach dá mbuiséad iomlán ar fhuinneamh (síos ó 7,6 % agus 6,9 % in 2010).

D'fhág praghsanna fuinnimh a bhí ag ardú, go háirithe sa dara cuid de 2021 agus le linn 2022, go raibh caiteachas ní b'airde ná ba ghnách ar fhuinneamh ag teaghlaigh Eorpacha (Fíor 14), agus bhí líon níos mó teaghlach ag streachailt chun a gcuid riachtanais fuinnimh a shásamh. Rinne méaduithe ar chostas fuinnimh in 2022 difear díréireach do na teaghlaigh ba leochailí. Ar fud Bhallstáit an Aontais, tháinig méadú ar chaiteachas fuinnimh teaghlach ar ioncam íseal go dtí thart ar 12 % idir 2020 agus 2022.

Bhí an méadú sin á thiomáint go príomha ag praghsanna gáis nádúrtha, breoslaí leachtacha agus leictreachais agus níorbh fhéidir é a fhrithchothromú le gníomhaíocht chun tomhaltas fuinnimh a laghdú. Chuidigh bearta náisiúnta lenar tugadh tacaíocht do theaghlaigh lena gcaiteachas fuinnimh chun tionchar na géarchéime fuinnimh a mhaolú, ach ba mhinic nach raibh na bearta sin spriocdhírthe (laghdú ar rátaí CBL mar shampla) go sonrath ar na teaghlaigh ba leochailí.

Fíor 14: Caiteachas fuinnimh i dteaghlaigh ar ioncam íseal (dearbh agus mar sciar % sa bhuiséad teaghlaigh iomlán, 2020<sup>12</sup>)



Foinse: Trinomics et al, bunaithe ar bhailiú sonraí ad hoc maidir le caiteachas tomhaltais teaghlaigh

Bhí éagsúlacht mhór ag baint le cás na dteaghlach ar fud Bhallstáit an Aontais, i dtéarmaí an dearbh- chaiteachais agus arna léiriú mar sciar den chaiteachas iomlán.

- I dtéarmaí coibhneasta, chaith na teaghlaigh ba bhoichte níos mó ná 20 % dá mbuiséad teaghlaigh ar fhuinneamh sa tSlóvaic; agus níos lú ná 5 % dá mbuiséad sa tSualainn agus i Lucsamburg.

<sup>12</sup> Is mar a leanas atá bliain na sonraí: An Phortaingéil (2010), an tSualainn (2012), Éire (2015), Málta (2015), an Ásiltír (2015), an Chipir (2016), an Eastóin (2016), an Fhionlainn (2016), an Liotuáin (2016), an Spáinn (2017), an Fhrainc (2017), an Ghearmáin (2018), an Danmhairg (2018), an tSlóivéin (2018), an Chróit (2019), an Laitvia (2019), an Rómáin (2019), an tSlóvaic (2019). Maidir le gach ceann eile bhí sonraí 2020 ar fáil. Tá meán 2020 an Aontais bunaithe ar shonraí caiteachais ó na Ballstáit sin a thug tuairisc maidir le 2020 agus áit inar tuairiscíodh ar an líon teaghlach ar a ndearnadh suirbhé. Áirítear leis sin an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ungáir, an Iodáil, agus Lucsamburg. Rinneadh an meán a ualú de réir an lín teaghlach.

- I ndearbhthéarmaí, chaith na teaghlaigh ba bhoichte níos lú ná EUR 500 ar tháirgí fuinnimh sa Laitvia agus sa Rómáin, agus chaith siad níos mó ná EUR 1 500 i Lucsamburg agus níos mó ná EUR 2 500 sa Danmhairg.

A mhéid a bhaineann le rogha tomhaltóirí, bhí an leictreachas fós ar an iompróir fuinnimh ba dhaoire in 2022 (EUR 252/MWh) (Tábla 1). I gcomparáid leis sin, bhí gás nádúrtha (EUR 86/MWh in 2022) agus breoslaí ola- bhunaithe (idir EUR 140 agus EUR 203/MWh) ní ba shaoire. Fiú nuair a smaoinimid go bhfuil teaschaidéil i bhfad níos éifeachtúla ná téitheoirí ola nó gáis<sup>13</sup>, d'fhéadfadh an difríocht idir praghsanna gáis agus leictreachais moill a chur ar an leictreíú a dhéantar ar théamh agus ar fhuarú tithe.

**Tábla 1: Comparáid a dhéanamh ar na roghanna fuinnimh éagsúla le haghaidh teaghlaigh san Aontas in aghaidh MWh**

Comhpháirt	Leictreachas (DC)		Gás (D2)		Gásailín		Díosal		Ola théite	
	praghas 2022 (EUR/MWh)	sciar 2022	praghas 2022 (EUR/MWh)	sciar 2022	praghas 2022 (EUR/MWh)	sciar 2022	praghas 2022 (EUR/MWh)	sciar 2022	praghas 2022 (EUR/MWh)	sciar 2022
Fuinneamh	111	44 %	41	48 %	109	54 %	109	60 %	105	75 %
Líonra	80	32 %	21	25 %						
Cánacha	59	24 %	23	27 %	94	46 %	74	40 %	35	25 %
Iomlán	252		86		203	100 %	183	100 %	140	100 %

Foinse: Eurostat; le haghaidh leictreachais NRG\_PC\_204 agus NRG\_PC\_204\_C, sonraí maidir leis an gcéad seimeastar; le haghaidh gáis NRG\_PC\_202 agus NRG\_PC\_202\_C, sonraí maidir leis an gcéad seimeastar AS ENER Feasachán Ola Seachtainiúil (le haghaidh táirgí ola), sonraí maidir le 2022. Rinneadh gásailín a thiontú go MWh ag úsáid fachtóra 1 000 l = 8,9 MWh. Rinneadh díosal agus ola théite a thiontú go MWh ag úsáid fachtóra 1 000 l = 10 MWh

### 3.3. Costais fuinnimh thionsclaíocha

Cé go bhfuil fuinneamh fíor-riachtanach le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch, tá ról measartha níos mó aige anois i gcostais táirgthe thionsclaíocha na hEorpa. Má thógaimid gnáth- ghnólacht Eorpach (Tábla 2), ba chostais fuinnimh iad 1,7 % de na costais táirgthe in 2019<sup>14</sup>, síos ó 2,3 % in 2010. Bhí éifeachtúlacht fuinnimh ní b'airde ar an bpríomhrud a spreag an laghdú ar chostais fuinnimh sa tréimhse sin. Bhí ról ní ba lú ag aistriú breosla (e.g. ó ola go gás, nó ó ghás go leictreachas).

**Tábla 2: Sciartha de chostais fuinnimh ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha in 2019**

Sciar fuinnimh na gcostas táirgthe	
Gnáthghnólacht Eorpach	1,7 %
Earnálacha monaraíochta	
Ríomhaireacht agus leictreonaic	0,6 %
Táirgí cógaisíochta	0,9 %
Iarann agus cruach	6,1 %
Miotail neamhfheiriúla	3,0 %
Ábhair thógála chré	9,0 %
Stroighin, aol agus plástar	13,4 %

<sup>13</sup> Féach mar shampla: <https://www.technologyreview.com/2023/02/14/1068582/everything-you-need-to-know-about-heat-pumps>

<sup>14</sup> Tráth scríofa an doiciméid seo (Mí Dheireadh Fómhair 2023) níl sonraí iomlána agus iontaofa maidir le praghsanna agus costais fuinnimh le haghaidh thionscal an Aontais ar fáil ach suas le 2019; agus tá sonraí páirteacha ar fáil le haghaidh 2020 agus 2021.

Earnálacha neamh-mhonaraíochta	
Mianadóireacht agus cairéalacht	4,7 %
Tógáil	1,0 %
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	0,2 %
Iompar de thalamh	34,1 %
Aeriompar	29,2 %
Cóiríocht agus bialanna	2,1 %
Faisnéis agus cumarsáid	0,4 %

Foinse: Trinomics et al. (2022), bunaithe ar Eurostat agus ar bhailiú sonraí ad hoc an-chomhiomlánaithe maidir le costais fuinnimh thionsclaíochta

Tá sciartha costais fuinnimh i gcostais táirgthe níos tábhachtaí do na tionscail dianfhuinnimh. Sna fo-earnálacha dianfhuinnimh is déine, is féidir leis an sciar fuinnimh i gcostais táirgthe leibhéil an-ard a bhaint amach, go háirithe i *Leasacháin* (71 %), *Fearó-chóimhiotail agus sileacan* (38 %), *Alúmanam príomhúil* (34 %), *Ceirmigh* (37 %), *Gloine le haghaidh coimeádán* (23 %) agus *Sinc* (22 %). Tugtar le fios sna sonraí is deireanaí atá ar fáil<sup>15</sup> go bhféadfadh sé, idir 2021 agus an chéad ráithe de 2022, go dtiocfadh méadú idir 20 agus 55 % ar an sciar de chostais fuinnimh ar an meán sna hearnálacha sin. San earnáil *Leasacháin*, ina n-úsáidtear gás nádúrtha mar bhunábhar agus mar fhoinsé fuinnimh araon, d'fhéadfadh costais fuinnimh suas le 90 % de chostais táirgthe a bhaint amach faoin tráth sin.


Sa pheirspictíocht idirnáisiúnta, is minic go mbaineann earnálacha monaraíochta i roinnt tíortha G20 nach tíortha de chuid an Aontais Eorpaigh iad tairbhe as costais fuinnimh níos ísle a bhí do na nithe seo a leanas: (i) rochtain ar fhoinsí fuinnimh intíre a bhfuil flúirse díobh ann; (ii) gan dóthain beartais dhiana a bheith ann maidir le fuinneamh glan agus an aeráid; nó (iii) fóirdheontais fuinnimh agus bearta tacaíochta eile ón rialtas. Tugtar le fios leis sin go gcaithfidh tionscal na hEorpa leanúint dá chuid oibre ar fheabhas a chur ar a iarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú, rudaí a d'fhéadfadh cuidiú chun an spleáchas ar allmhairí breosla iontaise a laghdú agus deireadh a chur leis na difríochtaí i bpraghsanna fuinnimh le comhpháirtithe trádála idirnáisiúnta.

### 3.4. Cánachas fuinnimh

Soláthraíonn cánacha fuinnimh, a ghearrtar ar tháirgeadh agus ar thomhaltas fuinnimh araon, ioncaim mhóra do bhuiséid Bhallstáit an Aontais. Bhí an t-ioncam ó cháin fuinnimh cobhsaí in 2010-2019 ag 1,88 % de OTI ar an meán, ach le linn COVID, d'fhág praghsanna fuinnimh ní b'íse agus tomhaltas ní b'íse gur thit an t-ioncam go dtí 1,74 % de OTI. Taispeántar i sonraí atá ar fáil le haghaidh 2021 gur tháinig méadú ar chánacha fuinnimh a bhailigh na Ballstáit, agus gur EUR 255 bhilliún nó 1,76 % de OTI an Aontais agus 4,2 % den ioncam cánach iomlán a bhí i gceist leo (Fíor 15).

<sup>15</sup> Bunaithe ar shonraí arna mbailiú in 2022 i bhfreagraí ar cheistneoir ó bhun aníos ó 60 gléasra ar fud 6 earnáil tionsclaíochta.

Fíor 15: Ioncaim ó cháin fuinnimh in AE27 (billiún EUR; % de OTI)




Foinse: Trinomics et al., bunaithe ar shonraí ó Eurostat (env\_ac\_tax)

\*: Céatadán na n-ioncam iomlán ó chánacha agus ó ranniocaiochtaí sóisialta (lena n-áirítear ranniocaiochtaí sóisialta barúlacha)

Tá éagsúlacht mhór ag baint leis an ról atá ag cánacha fuinnimh in ioncam rialtais ó Bhallstát go chéile. In 2021, tháinig 8 % den ioncam iomlán cánach ó chánacha fuinnimh sa Bhulgáir, agus an tráth céanna ní raibh ach 2,9 % i gceist leis an sciar sin san Ostair (Fíor 16). Nuair a chuirtear i gcomparáid le OTI é, bhí an t-ioncam ab airde ó cháin fuinnimh sa Ghréig (3,1 %) agus an t-ioncam ab ísle in Éirinn (0,8 %). Go ginearálta, Ballstáit ag a bhfuil OTI níos ísle/capita, bíonn sciar níos airde de chánacha fuinnimh acu i gcoibhneas le hioncam cánach iomlán agus OTI araon.

In éagmais staitisticí oifigiúla deiridh le haghaidh 2022, níltear cinnte fós cén tionchar a bhí ag an ngéarchéim ar ioncam ó cháin fuinnimh in 2022. Mhéadódh an t-ioncam ó CBL a bheadh nasctha le praghsanna miondíola ní b'airde. I gcodarsnacht leis sin, d'fhágfadh éileamh ní b'íse ar fhuinneamh, in éineacht le bearta beartais lena n-ísleofaí go sealadach rátaí CBL agus lena dtabharfaí isteach lacáistí i roinnt Ballstát, laghdódh na nithe sin ioncaim ó cháin fuinnimh, go háirithe maidir le dleachtanna máil.

Fíor 16: Ioncam ó cháin fuinnimh mar chéatadán d'ioncam cánach agus de OTI<sup>16</sup> (2021)



Foinse: Eurostat (sraith sonraí env\_ac\_tax)

\*: Céatadán na n-ioncam iomlán ó chánacha agus ó ranniocaiochtaí sóisialta (lena n-áirítear ranniocaiochtaí sóisialta barúlacha)

<sup>16</sup> Is le haghaidh 2020 na figiúirí is deireanaí atá ar fáil.

### 3.5. Tionchar na praghsanna fuinnimh ar theicneolaíochtaí glana – cás-staidéar ar teaschaidéil

Bíonn tionchar ollmhór ag praghsanna fuinnimh ar tharraingteacht airgeadais na roghanna malartacha d'fhuinneamh in-athnuaite agus ar an aistriú fuinnimh. Chun an ceangal sin a thuiscint, rinneamar anailís ar phríomh-bheart is féidir le teaghlaigh a dhéanamh chun a n-úsáid fuinnimh agus a n-astaíochtaí fuinnimh a ísliú: aistriú ó théamh gáis go téamh leictreachais ag úsáid teaschaidéil<sup>17</sup>.

Bíonn tionchar ag na tosca seo a leanas ar inmhharthanacht na dteaschaidéal lena gcur in ionad coirí dócháin:

- costais infheistíochta;
- costais oibriúcháin (e.g. praghsanna leictreachais);
- éileamh téimh agus teocht sreafa téimh<sup>18</sup>.

Sular tháinig méadú ar phraghas an gháis le déanaí, agus an cóimheas praghais ar an meán idir leictreachas agus gás ag thart ar 2,8 in AE27, bhí na costais saoil a bhain le teaschaidéil gan fóirdheontas mar an gcéanna le coirí gáis. Mar sin féin, d'fhág praghsanna arda gáis le déanaí gur rogha i bhfad níos saoire anois iad teaschaidéil i gcaitheamh a saolré. Agus praghsanna fadtéarmacha gáis agus leictreachais á gcur san áireamh, tugann teaschaidéil deis do ghnáth-theaghlach<sup>19</sup> chun billí fuinnimh téimh a ísliú 20-25 % (coigilteas bliantúil EUR 300-700) agus a n-infheistíocht a fháil ar ais taobh istigh de 6-9 mbliana.

Buntáiste eile a bhaineann le haistriú ó théamh gáis go teaschaidéil is ea gur féidir le gnáth-theaghlach 1 200-2 400 m<sup>3</sup> de ghás a shábháil agus laghdú 70 % in aghaidh na bliana a dhéanamh ar a astaíochtaí. Leis an ngás breise a úsáidtear chun an leictreachas a úsáideann na teaschaidéil a ghiniúint cuirtear níos lú ná 10 %<sup>20</sup> den mhéid sin le riachtanais gáis fhoriomlána. Chun ciall a bhaint as sin, bheadh coigilteas gáis ó 1 mhilliún teaschaidéal cothrom le ~1 % de sholáthar gáis na Rúise don Aontas in 2021.

---

<sup>17</sup> Bunaithe ar *Analysis of the affordability of switching to renewable heating for a standardised middle-income family in the EU*, staidéar arna dhéanamh ag an mBiúró Eorpach Comhshaoil (2021).

<sup>18</sup> Dá airde an t-ardú ar an teocht, i.e. an difríocht idir an teocht sreafa téimh agus teocht fhoinsé an teasa (aer nó talamh), is amhail is ísle comhéifeacht fheidhmíocht an teaschaidéil.

<sup>19</sup> Teaghlach coiteann de cheathrar i dteach 110 m<sup>2</sup>. Ba chriosanna aeráide fuara (e.g. An Pholainn) agus measartha (e.g. An Ísiltír) a bhí sna ceithre phróifíl téimh shamplacha a tugadh agus bhí meán-leibhéil inlisithe nó leibhéil mhaithe inlisithe iontu.

<sup>20</sup> Thart ar 100 m<sup>3</sup>/b/teaghlach.

#### 4. CONCLÚID

In 2022 d'fhreagair an tAontas le haontacht, i ndlúthpháirtíocht agus le díograis chun an ghéarchéim a sháru. D'aontaigh Ballstáit an Aontais faoi bhearta chun cur le trédhearcacht maidir le praghasmhúnlú i margaí gáis, chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna iomarcacha gáis, agus chun pleanáil do bhearta dlúthpháirtíochta i gcás éigeandáil gáis, agus bhí ról acu sin uile chun na margaí Eorpacha a chur ar a suaimhneas.

Cé gur thit praghsanna mórdhíola leictreachais agus gáis go mór ó bhí deireadh 2022 ann, tá siad níos airde go fóill ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim; tá siad fós dhá uair níos mó ná na leibhéil ar a raibh siad go stairiúil. Tá tionchar mór i gcónaí ag praghsanna níos airde ar bhíllí fuinnimh, go háirithe ar na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí<sup>21</sup>. Lean caiteachas fuinnimh níos airde do theaghlaigh ar ioncam íseal an méadú ar chostais fuinnimh. Mar an gcéanna, tháinig deireadh leis an titim a chonaecthas roimhe sin ar scaireanna i gcostais fuinnimh i dtionscail dianfhuinnimh agus cruthaíodh dúshlán mhóra do na hearnálacha tionsclaíocha dianfhuinnimh is déine de thoradh an aisiompaithe, d'ainneoin go raibh taifead maith acu riamh maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Bhí tionchar substaintiúil aige sin ar gheilleagar an Aontais trí chéile, agus méadú nach beag ar bhille allmhairiúcháin breosla iontaise an Aontais, á thiomáint go príomha ag praghsanna gáis agus ola a bhí ag dul i méid.

De réir conartha, tá méadú ábhartha tagtha ar ionchas an mhargaidh le haghaidh 2024. Rannchuidigh na bearta arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun deireadh a chur leis an ngéarchéim fuinnimh<sup>22</sup> go mór leis sin. Mar sin féin, nuair a gearradh soláthar gáis phíblíne na Rúise chuig an Eoraip cruthaíodh teannas i margaí gáis an domhain, agus tá coinne leis go mbeidh siad sin cúng go dtí go dtiocfaidh acmhainneacht leachtaithe nua GNL ar líne ó 2025 ar aghaidh. D'fhéadfadh roinnt rioscaí teacht chun cinn freisin in 2024 agus d'fhéadfaidís sin freagairtí móra a spreagadh ar mhargaí fuinnimh, lena n-áirítear borradh láidir arís ar éileamh ón Áise, dálaí adhaimsire, laghduithe breise ar allmhairí gáis ón Rúis agus coinbhleachtaí armtha sa Mheánoirthear agus in áiteanna eile. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, cuireadh síneadh le roinnt de na bearta éigeandála a tugadh isteach in 2022<sup>23</sup>.

Spreag géarchéim 2021/2022 athruithe a mhairfidh i bhfad cheana féin ar sholáthar gáis an Aontais, agus sciar i bhfad níos airde anois ag GNL (~40 %). Leis an aistriú brostaithe fuinnimh tabharfar isteach athruithe breise ar bhonn céimnitheach ar an soláthar agus éileamh gáis cheana féin sna 10 mbliana seo amach romhainn. Ba cheart níos mó úsáide a bhaint as gáis in-athnuaite chun tacú le hobair dícharbónúcháin an Aontais agus ráta neamhspleáchais níos mó a bhaint amach ó allmhairí breoslaí iontaise.

Ach glacadh forleathan a bheith ar theicneolaíochtaí ísealcharbóin agus teicneolaíochtaí don fhuinneamh in-athnuaite, ar bhearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus rátaí leictriúcháin méadaithe i dtéamh agus in iompar, d'fhéadfadh na rudaí sin cuidiú chun géarchéimeanna arna spreagadh ag breoslaí iontaise a sheachaint sa todhchaí. Meastar go mbeidh ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí amhail teaschaidéil agus feithiclí leictreacha chun cosaint a thabhairt do

<sup>21</sup> Tugtar mionsonraí maidir leis an tionchar ar [FBManna i dtuarascáil thoscaire na FBManna: FBManna agus praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde - Na chéad torthaí & moltaí](#)

<sup>22</sup> Áirítear ar na bearta sin éagsúlú an tsoláthair, laghdú ar éileamh, an acmhainneacht allmhairiúcháin GNL a leathnú, oibleagáidí chun saoráidí stórála gáis a líonadh roimh ré, comhiomlánú éilimh agus ceannach comhpháirteach agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda agus ar luaineacht (e.g. sásra ceartúcháin margaidh, sásra luaineachta ionlae).

<sup>23</sup> <https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2023/12/19/energy-prices-and-security-of-supply-council-agrees-to-extend-emergency-measures/>

bhuiséid teaghlaigh, agus chun coigiltis mhóra a chruthú ar feadh a saolré. Chun iomaíochas cuideachtaí Eorpacha a chaomhnú, ba cheart do thionscail dianfhuinnimh leanúint d'fheabhas a chur ar a n- éifeachtúlacht fuinnimh, agus leanfaidh an tAontas an tráth céanna de bhearta a thabhairt isteach lena mbeifear in ann tairbhiú de chostais níos ísle foinsí in- athnuaite fuinnimh tríd an dearadh nua le haghaidh margáí leictreachais agus é ag áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta ann go hidirnáisiúnta trí bhearta a chur chun feidhme, amhail an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.